Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Samhain 2018**
**(OR. en)**

**13761/18**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0407(COD)**

**CODEC 1857**
**JAI 1083**
**SIRIS 149**
**SCHENGEN 58**
**FRONT 375**
**ENFOPOL 528**
**COPEN 369**
**MIGR 171**
**COMIX 600**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Córas Faisnéise Schengen a úsáid chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh<br>**(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 23 Nollaig 2016, chuir an Coimisiún an togra thuas[1][2][3][4], atá bunaithe ar Airteagal 79(2)(c) CFAE, chuig an gComhairle.

[1] 15812/16.

[2] I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

[3] Is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach nglacann an Ríocht Aontaithe páirt iontu, dá bhrí sin, níl an Ríocht Aontaithe rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

[4] Is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach nglacann Éire páirt iontu, dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

2. Ar an 24 Deireadh Fómhair 2018, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air, agus dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[5].

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle

- an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 34/18 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo;

- a ordú go ndéanfar na ráitis atá in aguisín 1, a ghabhann leis an nóta seo, a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

I ndiaidh d'Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle an gníomh reachtach a shíniú, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

5 13321/18.